An Coimisiún Eorpach

ARDÁN UM RANNPHÁIRTÍOCHT SAORÁNACH MAIDIR LEIS

an bhFuath sa tSochaí a chomhrac

Tuarascáil chomhairliúcháin deiridh - Mí an Mhárta 2025

Make.org a rinne an anailís agus a tháirg an tuarascáil.
Open Source Politics a chuir an tArdán i bhfeidhm agus a rinne modhnóireacht air.

MAKE. ORG

Open Source Politics

CLÁR

Achoimre Feidhmiúcháin.....leathanach 3

1. Réamhrá..... leathanach 4

2. Modheolaíocht..... leathanach 5

3. Forléargas..... leathanach 6

4. Na haighneachtaí is mó a formhuiníodh..... leathanach 8

5. Grinnanailís..... leathanach 10

    Feasacht..... leathanach 10
    Cuimsiú..... leathanach 12
    Institiúidí Daonlathacha..... leathanach 13
    Meas..... leathanach 14
    Rialáil.....leathanach 16
    Díospóireacht Chomhchoiteann.....leathanach 17
    Dreasachtaí Dearfacha.....leathanach 18
    Tosca Eacnamaíocha.....leathanach 19

6. Conclúidí..... leathanach 20

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Agus é ag féachaint le feabhas a chur ar rannpháirtíocht na saoránach maidir le cúrsaí atá ábhartha d'Eorpaigh, chuir an Coimisiún Eorpach tús le plé ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach, plé a dhírigh ar an bhfuath sa tsochaí a chomhrac. Bhí sé ar siúl in éineacht le Painéil Saoránach Eorpach ar an ábhar céanna. Leis an ardán sin, a bhí ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, éascaíodh plé ar líne ón 22 Aibreán 2024 go dtí an 28 Feabhra 2025.

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar phríomhthorthaí an phlé ar líne, agus iad grúpáilte in 8 ngné agus 14 thopaic. Cuimsítear sna torthaí a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt ar an bhfuath, cuimsiú na mionlach a chur chun cinn, institiúidí a athchóiriú chun muinín a athbhunú, luachanna na saoránachta Eorpaí a úsáid chun meas a neartú, agus rialachas domhanda na mbeart i gcoinne an fhuatha a threisiú.

Leag na saoránaigh béim ar an oideachas, rialáil fuatha, trédhearcacht, rannpháirtíocht na saoránach, agus beartais lena laghdófaí neamhionannais ar mhaithe leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac.

1. RÉAMHRÁ

Le gur féidir le níos mó saoránach a bheith rannpháirteach ar an leibhéal Eorpach, chuir an Coimisiún Eorpach modhanna nua rannpháirtíochta ar fáil do shaoránaigh an Aontais. Maidir leis an tsaincheist ***Fuath sa tSochaí a chomhrac***, cuireadh Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach i ngníomh chun go bhféadfaí plé comhfhreagrach ar líne a dhéanamh. Bhí an plé ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus bhí sé ar oscailt ón **22 Aibreán 2024 go dtí an 28 Feabhra 2025.** I gcomhthreo leis an bplé digiteach, tionóladh **painéal saoránach** a rinne plé freisin ar an ábhar céanna. An **17 Bealtaine,** cuireadh na torthaí ar líne faoi bhráid an phainéil le linn an tríú seisiún (an seisiún deiridh) chun na modhanna rannpháirtíochta ar líne agus as líne a nascadh.

Mar a leagtar amach thíos, is ar an ardán comhairliúcháin a bhí dírithe ar phlé leis na saoránaigh maidir le saincheist *Fuath sa tSochaí a chomhrac* a bailíodh **244 aighneacht ó na saoránaigh**, agus **115 bharúil** agus **246 fhormhuiniú** ag gabháil leo. A bhuí leis an spás rannpháirtíochta digití sin, bhí **231 saoránach** in ann rannchuidiú leis an bpróiseas foriomlán agus, ar an gcaoi sin, cur le próiseas cinnteoireachta na hEorpa go díreach.

Bunaítear leis an tuarascáil seo an anailís deiridh ar na haighneachtaí uile, arna mbailiú agus arna n-anailísiú de réir **gnéithe** de réir na d**topaicí saoránach** is rialta bunaithe ar na haighneachtaí.

Soiléiríodh ón gcomhairliúchán gur bhain formhór na ndíospóireachtaí le **5 mhórghné** (as 8 mórghné), inar tugadh le chéile líonta cóngaracha aighneachtaí: (1) feasacht a mhúscailt, (2) cuimsiú a threisiú, (3) institiúidí níos daonlathaí, (4) meas i measc na saoránach, agus (5) cabhair na rialála chun an fuath sa tsochaí a laghdú.

Tabharfar achoimre sa tuarascáil seo ar an **modheolaíocht anailíse** sula dtabharfar **forléargas ar na forbairtí ginearálta** ar an ardán. Tá an forbhreathnú seo roinnte in uimhreacha rannpháirtíochta agus san imlíne ábhar. Tugtar **anailís mhionsonraithe** sa tuarascáil ansin **ar gach gné** trí phlé a dhéanamh ar gach **topaic saoránach**, mar shampla sleachta léiriúcháin ó ardán um rannpháirtíocht na saoránach. Mar fhocal scoir, tabharfar achoimre sa chaibidil dheireanach ar an ábhar chomh maith le plé gearr a dhéanamh air.

2. MODHEOLAÍOCHT

Chun sainaithint a dhéanamh ar ábhar an phlé ar Ardán um Rannpháirtíocht na Saoránach[1] i ndáil le Fuath sa tSochaí a Chomhrac, cuireadh modheolaíocht trí chéim i bhfeidhm. Cinntítear leis seo go ndéantar imscrúdú beacht ar aighneachtaí na saoránach maidir le topaicí éagsúla. Thairis sin, is féidir leis an modheolaíocht seo smaointe a bhailiú agus a ghrúpáil chun na príomhlínte plé a shainaithint. Tríd an méid sin a dhéanamh, aimsítear an chothromaíocht cheart idir aighneachtaí comhchosúla a ghrúpáil agus ardleibhéal sonraí.

CÉIM 1. ANAILÍS CHAINNÍOCHTÚIL ar na haighneachtaí & barúlacha: Sainaithníodh príomhghnéithe na díospóireachta. Chuige sin, chuir an fhoireann anailíse cur chuige bunaithe ar théama i bhfeidhm: gach aighneacht a lipéadú le hábhair faoi seach. Dá bhrí sin, bhíothas in ann tús áite a thabhairt do smaointe a mhol na saoránaigh.

CÉIM 2. ANAILÍS AR AIGHNEACHTAÍ sna gnéithe: anailís cháilíochtúil de láimh. Cuimsíodh ann grúpáil théamach ar as sin a tháinig 'topaicí saoránach' chun cinn, arna gcinneadh de réir a dtarlaithe laistigh den ghné.

CÉIM 3. BARÚLACHA AGUS FORMHUINITHE a chur san áireamh: rinneadh anailís le haghaidh gach aighneacht agus barúil (i gcás inar measadh í a bheith iomchuí), agus cuireadh i dtábhacht roinnt aighneachtaí a raibh ábharthacht ar leith ag baint leo mar léiriú ar an topaic.

GLUAIS

Rannpháirtí. Saoránach a rinne gníomhaíocht amháin ar a laghad ar an ardán: aighneachtaí, barúlacha, nó formhuinithe.
Aighneacht. Smaoineamh amháin arna chomhroinnt ag rannpháirtí ar an ardán.
Barúil. Freagraí i scríbhinn ó na rannpháirtithe ar aighneacht tosaigh. Is le barúlacha, ag tosú leis an topaic thosaigh, a chuirtear tús le díospóireacht agus a thugtar deis do rannpháirtithe cumarsáid a dhéanamh lena chéile.
Formhuiniú. Vóta ó rannpháirtí ar mian leis nó léi tacú le haighneacht shonrach. Tá aighneachtaí ann nár formhuiníodh.
Gné. Is éard atá i gceist le gné ceannlíne faoina dtugtar le chéile smaointe atá i líon mór aighneachtaí.

[1] Tá na haighneachtaí uile ar fáil ar líne agus is féidir iad a íoslódáil mar chuid de chomhaid sonraí oscailte an ardáin chun tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu ag aon duine ar spéis leis nó léi é.

Topaic Saoránach. Fochatagóir de ghné, ina bhfuil aighneacht amháin nó níos mó.

3. FORBHREATHNÚ

UIMHREACHA

Rannpháirtíocht dhomhanda, ón 22 Aibreán 2024 go dtí an 28 Feabhra 2025.

- **21 084** amharc leathanach
- **231** rannpháirtí
- **244** aighneacht
- **115** bharúil
- **246** fhormhuiniú

Ó foilsíodh an tuarascáil eatramhach (13 Bealtaine 2024), cláraíodh méadú ar leibhéal na rannpháirtíochta ar an ardán. I bhfigiúirí praiticiúla, tá **148 aighneacht bhreise** i gceist (96 i mí na Bealtaine 2024) agus **100 barúil bhreise** (15 i mí na Bealtaine 2024). Saibhríodh an anailís freisin le léargais nua agus le forbairt ar an díospóireacht: braitheadh dhá ghné nua (*Institiúidí Daonlathacha* & *Tosca Eacnamaíocha*). Agus rinneadh topaicí saoránach a sainaithníodh roimhe seo a shaibhriú le haighneachtaí nua. **San iomlán, i gcomparáid le mí na Bealtaine 2024, cuireadh 2 ghné nua agus 4 thopaic nua saoránach léi agus saibhríodh 5 thopaic saoránach a bhí ann cheana.**

SÚIL SCIOBTHA AR GACH GNÉ AGUS TOPAIC SAORÁNACH

Cuirtear i láthair sa tábla thíos in aon amharc amháin na **Gnéithe** agus na **Topaicí Saoránach** uile a sainaithníodh. Sa chaibidil seo a leanas (*4. Grinnanailís*), déantar imscrúdú mionsonraithe ar na topaicí uile.

Taispeántar sa tábla freisin suim na n-aighneachtaí (∑) a thagann faoi gach gné chomhfhreagrach. Is mó an líon iomlán aighneachtaí in aghaidh na gné (245) ná an líon foriomlán aighneachtaí (244) ós rud é go bhféadfadh ábhar na n-aighneachtaí aonair a bheith bainteach le gnéithe iolracha ag an am céanna.

GNÉITHE	Σ	TOPAICÍ SAORÁNACH
1. FEASACHT	89	1.1 Feasacht a mhúscailt i measc na nglúnta nua
		1.2 Oiliúint ar feadh an tsaoil a chur ar fáil do shaoránaigh
		1.3 Feasacht an phobail a ardú trí dhioscúrsa polaitiúil freagrach
2. CUIMSIÚ	37	2.1 Mionlaigh a chuimsiú
		2.2 Gníomhaíocht chomhchoiteann a thionscnamh
3.INSTITIÚIDÍ DAONLATHACHA	28	3.1 Creat muiníne sa daonlathas a fhorbairt
		3.2 An daonlathas a neartú trí rannpháirtíocht na saoránach
4. MEAS	22	4.1 Meas agus caoinfhulaingt a chur chun cinn
		4.2 Úsáid a bhaint as luachanna na saoránachta Eorpaí chun an meas a neartú
5. RIALÁIL	20	5.1 Rialachas agus maoirseacht dhomhanda a neartú
		5.2 An fhuathchaint ar líne a chomhrac
6. DÍOSPÓIREACHT CHOMHCHOITEANN	13	6.1 A bheith aontaithe san éagsúlacht
7. DREASACHTAÍ DEARFACHA	12	7.1 Teachtaireachtaí dea-mhéiniúla a scaipeadh
8. TOSCA EACNAMAÍOCHA	10	8.1 An bhochtaineacht agus an neamhionannas a chomhrac

4. NA hAIGHNEACHTAÍ IS MÓ A FORMHUINÍODH

Elena - 13 fhormhuiniú

Teideal: Túsphointe: deireadh a chur le gnó an fhuatha.

Gné: **DREASACHTAÍ DEARFACHA**

'Mairimid i ré na hairde ina dteastaíonn cúpla soicind dár gcuid ama ó ghnólachtaí chun a gcuid táirgí nó seirbhísí a thairiscint. Ní mór dóibh an méid sin a dhéanamh i dtimpeallacht an-iomaíoch ós rud é go bhfuil an chumarsáid á daonlathú ag ardáin dhigiteacha a chuireann a léiriú ar fáil chun go mbeidh teacht ag úsáideoir ar bith air. Léiríonn an 'chlaontacht dhiúltach' gur mó spéis a chuirtear i ndrochscéalta ná i ndea-scéalta, rud nach dtéann amú ar ghnólachtaí, tionchairí, na meáin nó earnálacha polaitiúla áirithe fiú. Ach d'ábhar a bhunú ar théamaí diúltacha nó ar fhuathchaint an-pholaraithe, is amhlaidh is mó aird a thabharfaidh úsáideoirí air. Go dtí an lá inniu féin: aird bhreise, breis deiseanna billeála. Agus is cosúil go bhfuil an pointe sroichte againn gur féidir gnóthú ar gach rud, agus aird a ghnóthú dá réir. Is é an riosca agus iarmhairt thromchúiseach atá ann toisc gan teorainn a chur leis an dinimic sin an oiread cur isteach diúltach a dhéantar ar shaoránaigh ó lá go lá a nglactar leis mar rud normálta. Is ann d'oideachas an-chontúirteach agus do chultúr fuatha. In intinn saoránaigh 'Más gnách le rannphairtí leas a bhaint as an bhfuath... Cad chuige nach ndéanfainnse é freisin?' agus déanann sé an rud céanna ina thimpeallacht féin. Maidir leis an athrú atá uainn chun deireadh a chur le cultúr sin an fhuatha, tiocfaidh sé ar ndóigh trí reachtaíocht níos doimhne a rith maidir le teorainneacha an ábhair fuatha nó pholaraithe ar ardáin a dhéanann brabús air amhail líonraí sóisialta, fóraim phoiblí agus na meáin. Saoirse chun tuairimí a nochtadh, cinnte, ach ar bhonn measa.'

Federico LEVA - 11 fhormhuiniú

Teideal: Méadaigh EUVoice: Bogearraí cásanna Fediverse saor in aisce a úsáid agus a chur chun cinn in ionad meáin shóisialta dhílseánaigh

Gné: **RIALÁIL**

'Ba cheart na teachtaireachtaí meán sóisialta uile ó institiúidí an Aontais, chomh maith le hidirghníomhaíocht le lucht ceaptha beartas, a bheith ar fáil do gach saoránach trí bhogearraí saor in aisce lena n-urramaítear príobháideachas, saoirse úsáideoirí agus cearta digiteacha eile. Leis an spleáchas atá ann faoi láthair ar sheirbhísí bogearraí dílseánaigh atá á n-óstáil ag cuideachtaí atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe tugtar le fios nach fiú leis an gCoimisiún Eorpach ná le hinstitiúidí eile RGCS a urramú, ná aon bheartas digiteach agus iomaíochta eile a maíonn an Coimisiún Eorpach go seasann sé leis. Trí na meáin shóisialta dhílseánaigh a chothú, is dócha go gcuireann institiúidí an Aontais leis an bhfuath, toisc go mbíonn na meáin shóisialta sin ar son 'ardleibhéal rannpháirtíochta' agus conspóid thar aon rud eile. Is fusa saincheisteanna den sórt sin a bhainistiú le modhnóireacht dhíláraithe agus

fothaí féinbhainistithe nach mbraitheann ar lárchóras rúnda moltaí. A bhuí leis an treoirthionscadal ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), tá a fhios againn go bhfuil ar chumas an Aontais dul sa treo ceart. Is beag ar fad na costais a bhaineann le cás Mastodon a óstáil i gcomparáid le buiséad an Choimisiúin le haghaidh fógraíocht sna meáin shóisialta *https://growyourown.services/why-growing-your-own-services-is-a-good-idea/ https://docs.joinmastodon.org/user/run-your-own/#so-you-want-to-run-your-own-mastodon-server* Is féidir le coláiste na gcoimisinéirí dea-shampla a thabhairt. *Cás arna mhaoiniú ag an Aontas a úsáid; é a nascadh i ngach áit; a iarraidh ar lucht leanúna agus iriseoirí in áiteanna eile aistriú chuige chomh maith.'*

Karin - 10 bhformhuiniú

Teideal: Ríthábhacht an oideachais

Gné: **FEASACHT**

'Is é an chéad chéim oideachas a chur ar fáil ar thopaicí ar nós fuathchaint, fuathchoireacht agus an t-idirdhealú. Bheadh fócas áirithe ar an bhfrithsheimíteachas agus ar an bhfuath frith-Mhoslamach loighciúil faoi láthair i bhfianaise méadú scanrúil ar an gcineál sin fuatha le déanaí. Is céim í sin a luadh cheana féin sa teachtaireacht ó 2023 "Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha', ach sílim nach mór í a chur chun cinn in áiteanna breise sa tsochaí: -I scoileanna; ionas gur féidir meas agus cineáltas a chur ina luí ar na leanaí uile agus iad an-óg. -Ar líne; Breis ábhair dhearfaigh ar na meáin shóisialta, athruithe ar algartaim chun níos mó tuairimí contrártha a léiriú ar mhaithe le polarú agus bothanna macallaí a chosc. -Sa tsochaí shibhialta; comhlachais, pobail reiligiúnacha agus gníomhaithe san earnáil phríobháideach chun a chinntiú go rachaimid i bhfeidhm ar an oiread daoine agus is féidir. Ní mór don Aontas na Ballstáit a spreagadh chun an cineál sin oideachais a chur chun feidhme ar gach leibhéal den tsochaí.'

Paulo - 9 bhformhuiniú

Teideal: Fuath a chomhrac trí theachtaireachtaí dearfacha a chur chun cinn sna meáin

Gné: **DREASACHTAÍ DEARFACHA**

'Is próiseas casta fadtéarmach é an fuath a chomhrac sa tsochaí. Trí eiseamláirí dearfacha agus teachtaireachtaí ó na meáin a chur chun cinn, is féidir cuidiú chun na steiréitíopaí diúltacha ar minic fuathchaint agus coireanna fuatha á gcothú acu a chomhrac. Chuige sin níor mhór tosaíocht a thabhairt do theachtaireachtaí (sna meáin) lena gcuirtear meas agus éagsúlacht cultúir, creidimh agus céannachtaí chun cinn.'

Alfons 7 bhformhuiniú

Teideal: Oideachas chun cur i gcoinne an fhuatha sa tsochaí

Gné: **FEASACHT**

'Is sna scoileanna a chaithfear an bhunobair a dhéanamh ar mhaithe le cómhaireachtáil shíochánta agus shóisialta. Ní mór an fuath sa chlós scoile a chomhrac go comhsheasmhach.'

5. GRINNANAILÍS

Sa chaibidil seo a leanas, déantar iniúchadh níos mionsonraithe ar na gnéithe éagsúla. Chuige sin, déantar anailís ar gach topaic saoránach go sonrach, lena dtugtar gnéithe éagsúla de na haighneachtaí le chéile.

GNÉ 1: FEASACHT

Tugann na haighneachtaí sa ghné sin aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le hoideachas a chur ar an bpobal maidir leis an bhfuath sa tsochaí a aithint agus a chomhrac. Iarrtar iontu go mbeadh breis feasachta i measc na saoránach maidir leis an bhfuath sochaíoch a shainaithint agus aghaidh a thabhairt air.

Topaic Saoránach 1.1: Feasacht a mhúscailt i measc na nglúnta nua

ANAILÍS topaice

Iarrtar sna haighneachtaí go gcuirfí oideachas ar leanaí ag aois an-óg sa chóras scoile. Ní mór a mhúineadh do na glúnta nua conas normalú na fuathchainte a chosc, ionas gur féidir leo féin ar a seal an teachtaireacht sin a chur ar aghaidh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chúrsaí speisialaithe a chur ar bun i scoileanna nó trí ghníomhaíochtaí cluichíochta ina mbeidh comhlachais a bhfuil speisialtóireacht acu sa réimse rannpháirteach. Thairis sin, leagtar béim freisin ar a thábhachtaí atá oideachas sna meáin: iarrann na rannpháirtithe go mbeadh eolas níos forleithne ann ar an tslí le bréagnuacht a aithint. Ar bhonn níos ginearálta, deirtear freisin go bhfuil ról lárnach ag maoirseacht tuismitheoirí.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Claire, 3 fhormhuiniú

'Ceardlanna a chur ar bun i scoileanna ionas gur féidir le daltaí tuiscint níos fearr a fháil ar a chéile, agus glacadh leis na difríochtaí. Rólchluichí a chur ar bun chun iad féin a chur in áit mac léinn eile.'

Joazef, 3 fhormhuiniú

'Ba mhaith liom go ndéanfaí iarracht níos fearr an litearthacht sna meáin a chur chun cinn sa phobal i gcoitinne, chun gur fearr a bheadh daoine in ann bréaga a aithint agus breathnú go criticiúil ar ráitis éagsúla nach mbíonn iontu ach leath na fírinne, claonbholscaireacht nó teachtaireachtaí an-chlaonta eile. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla trí chúrsaí a

chur chun feidhme a dhíríonn ar litearthacht sna meáin a fheabhsú sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, nó b'fhéidir sna hollscoileanna fiú.'

Topaic Saoránach 1.2: Oiliúint ar feadh an tsaoil a chur ar fáil do shaoránaigh

ANAILÍS topaice

Roinneadh an smaoineamh go bhfuil teachtaireachtaí coisctheacha ábhartha i suíomhanna gairmiúla freisin: breathnaítear ar chuideachtaí mar veicteoirí eolais le haghaidh fostaithe fásta. Is cosúil gur luamhán éifeachtach í saincheist na hoiliúna gairmiúla i súile na saoránach ar Ardán um Rannpháirtíocht na Saoránach.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Karine, 10 bhformhuiniú

'Is é an chéad chéim oideachas a chur ar fáil ar thopaicí ar nós fuathchaint, fuathchoireacht agus an t-idirdhealú. Sílim nach mór é a spreagadh i mbreis áiteanna sa tsochaí. I scoileanna; Ar líne; Sa tSochaí Shibhialta.'

Chiara, 0 formhuiniú

'Cruinnithe míosúla a dhíreoidh ar fheasacht a mhúscailt agus eolas a thabhairt ar mheas agus comhionannas san ionad oibre.'

Topaic Saoránach 1.3: Feasacht an phobail a mhúscailt trí dhioscúrsa polaitiúil freagrach

ANAILÍS topaice

Chuir na saoránaigh i dtábhacht go mór go mbíonn an-tionchar ag polaiteoirí ar an gcaoi a dtagann an pobal i gcoitinne ar thuairimí agus ar a bhfreagairt do dhíospóireachtaí sóisialta éagsúla. Dá bhrí sin, tá sé de fhreagracht ar na polaiteoirí, de pháirt, gan fuathchaint a scaipeadh ná a chothú sa tsochaí agus, den pháirt eile, an fhuathchaint ar fad a d'fhéadfaí a fháil i ndíospóireachtaí poiblí a cháineadh.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

MYR, 2 fhormhuiniú

'Chun an fuath sa tsochaí a sheachaint, ba cheart do pholaiteoirí na meán gan fuath a scaipeadh agus meas a bheith acu ar an tuiscint i measc na saoránach uile. Agus caitheamh le gach duine mar an gcéanna. Is síocháin atá uainn.'

Gerhard, 0 formhuiniú

'Má bhreathnaíonn tú ar an bpolaitíocht, ar an tsochaí, le 10 mbliana anuas, tá méadú ollmhór tagtha ar sciar na fuathchainte. (...) Seachas sin ní bhíodh an téarma fuath in úsáid. Is le blianta beaga anuas a tosaíodh, ar an mórchóir, ar 'fuath' a thabhairt ar ráitis ó cháinteoirí cinntí polaitiúla reatha go háirithe.'

GNÉ 2: CUIMSIÚ

Tugann an ghné sin aghaidh ar thopaicí ina n-iarrtar braistint an chuimsithe agus na haontachta a chruthú chun an fuath sa tsochaí a chomhrac.

Topaic Saoránach 2.1: Mionlaigh a chuimsiú

ANAILÍS topaice

Iarrtar sna haighneachtaí go gcuirfí beartais i gcoinne an idirdhealaithe i bhfeidhm chun mionlaigh a chuimsiú agus an t-eisiamh agus an fuath a chomhrac. D'fhéadfadh sé a bheith le sonrú i bhfoirm cuótaí le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht in ollscoileanna, cabhair chun tacaíocht a thabhairt do mhionlaigh, daoine faoi mhíchumas (dofheicthe) a chuimsiú agus a aithint agus beartais a chur i bhfeidhm chun mionlaigh áirithe a chuimsiú (e.g. daoine LGBTQI+). Baineann cuimsiú imirceach leis an díospóireacht freisin: moltar i roinnt aighneachtaí an próiseas lánpháirtíochta a éascú trí chúrsaí teanga, oiliúint agus poist a thairiscint in earnálacha ina bhfuil ganntanas lucht saothair.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Miraç, 1 fhormhuiniú

'D'fhéadfaí ollscoileanna ar fud an Aontais a dhreasú chun cuótaí a chruthú le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht.'

Lismary, 1 fhormhuiniú

'Faoi láthair, trách tar ar an gcuimsiú sóisialta in an-chuid tíortha san Eoraip, ach tá go leor daoine fós a dhéanann idirdhealú i gcoinne inimirceach agus iad a eisiamh, rud a fhágann nach bhfuil ach corrlach cúng acu don fhorbairt laistigh den chomhphobal Eorpach. Moltar san aighneacht a rinne mé feabhas a chur ar bheartais i leith inimirceach ionas gur féidir leo dul chun cinn a dhéanamh sna tíortha seo agus cur le héagsúlú eacnamaíoch agus le forbairt chothrom.'

Topaic Saoránach 2.2: Gníomhaíocht chomhchoiteann a thionscnamh

ANAILÍS topaice

Tuigtear maidir leis an gcomhrac i gcoinne an fhuatha go mbeidh tiomantas an uile dhuine ag teastáil: institiúidí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, pobail agus daoine aonair. Chun an fuath sa tsochaí a chomhrac, ní mór dúinn malartú cultúrtha a spreagadh trí imeachtaí lena gcuirtear an éagsúlacht chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh leis sin imeachtaí a eagrú inar féidir le daoine ó chultúir agus ó chúlraí éagsúla teacht le chéile agus smaointe a roinnt. Thairis sin, d'fhéadfaí é

a shonrú i ngníomhaíochtaí le haghaidh leanaí ó chomharsanachtaí éagsúla ionas gur féidir le daoine ó chúlraí éagsúla teacht le chéile agus tuairimí a mhalartú. I ndáil leis an méid sin, is mór ag na saoránaigh ról an spóirt: is cosúil go mbíonn an teagmháil shóisialta agus forbairt phearsanta a eascraíonn as clubanna nó obair dheonach tábhachtach do na rannpháirtithe.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Anh, 1 fhormhuiniú

'Is féidir an chomhthuiscint agus an comhbhá le cultúr eile agus le pobail ó chúlraí éagsúla a fheabhsú trí imeachtaí cultúrtha, foghlaim teangacha agus trid an bpobal.'

Finn, 3 fhormhuiniú

'Ba cheart dúinn spórt na cosmhuintire a chur chun cinn, ós rud é gur cothrom na Féinne is gnách le lucht spóirt faoi dhálaí maithe. Ina theannta sin, is áiteanna iad clubanna spóirt inar féidir le daoine smaointe a mhalartú agus a spórt a chleachtadh i dteannta a chéile. Leis an gcultúr deonach i roinnt mhaith tíortha Eorpacha neartaítear an tuiscint ar ghné shóisialta an phobail, ar an bhforbairt phearsanta, líonrú agus sásamh an duine aonair. Is ionann spórt a chur chun cinn agus srian a chur leis an bhfuath agus an daonlathas a chur chun cinn.'

GNÉ 3: INSTITIÚIDÍ DAONLATHACHA

San áireamh sa ghné sin tá aighneachtaí a bhaineann le saoránaigh atá in amhras faoin daonlathas, faoi institiúidí an daonlathais, agus faoin sreabhadh faisnéise. Pléitear ann freisin réitigh phraiticiúla le haghaidh breis rannpháirtíochta ó shaoránaigh.

Topaic Saoránach 3.1: Creat muiníne sa daonlathas a fhorbairt

ANAILÍS topaice

Tá saoránaigh den tuairim go bhfuil feidhmiú daonlathach ár sochaithe ag dul i laghad. Sonraítear é in aighneachtaí ina léirítear an tuairim go gcuirtear cinntí i bhfeidhm ar shaoránaigh gan dul i gcomhairle leo. Feictear gur croífhadhb é an t-éilliú, agus go dteastaíonn gníomhaíochtaí láidre trédhearcacha ar an leibhéal Eorpach. Is cosúil go n-eascraíonn an easpa muiníne in oifigigh thofa as gealltanais nár comhlíonadh agus tionchar grúpaí brústocaireachta. Thairis sin, cuirtear in iúl go bhfuil an daonlathas i mbaol de bharr bréagaisnéis sna meáin, atá faoi cheannas leasanna príobháideacha. Chun aghaidh a thabhairt air, molann saoránaigh caighdeáin iriseoireachta níos fearr. Meastar freisin gur

réitigh fhéideartha iad oideachas i litearthacht na meán agus comhairliúcháin bhreise leis an bpobal.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Brigitte, 3 fhormhuiniú

'Is nimhiú daonlathais é na meáin a bheith comhchruinnithe i lámha tionsclaithe cumhachtacha: Ar an gcéad dul síos, braitheann na meáin ar dhuine agus dá bhrí sin beidh claonadh iontu eolas a chraobhscaoileadh a bheidh fabhrach dá n-úinéir, dá ghníomhaíochtaí, dá chairde polaitiúla agus dá idé-eolaíocht. Is e sin, ní ann don tsaoirse ná don iolrachas a thuilleadh. Ansin, díríonn úinéirí príobháideacha ar bhrabús a dhéanamh, ar an ábhar sin ní mór d'iriseoirí ábhar a tháirgeadh a thuilleann (airgead, cliceanna...) de rogha ar ábhar a dhéanann eolas don smaointeoireacht chriticiúil nó a dhéanann í a fhorbairt.'

Julian, 2 fhormhuiniú

'Tá an t-éilliú ina sciúirse a chreimeann muinín sa daonlathas agus a bhaineann an bonn den tionscadal Eorpach. Ní mór an comhrac i gcoinne an éillithe a bheith ina phríomhthosaíocht ag an Aontas. Creidim go láidir nach mór an comhrac i gcoinne an éillithe a dhéanamh ar leibhéal an Aontais [...]. Dá bhrí sin, bheadh ríthábhacht le hiarracht aontaithe chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an tsaincheist fhorleathan sin.'

Topaic Saoránach 3.2: An daonlathas a neartú trí rannpháirtíocht na saoránach

ANAILÍS topaice

Chun an rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú tá réitigh éagsúla á gcur ar aghaidh ag saoránaigh, ar nós reifrinn rialta nó coinbhinsiúin saoránach a eagrú chun cinneadh a dhéanamh maidir le mórthreonna polaitiúla. Molann siad ardáin dhigiteacha a chruthú, ar nós Parlaimint fhíorúil, chun go bhféadfaí díospóireacht agus cinnteoireacht chomhchoiteann a dhéanamh gan lucht ceannais. Tá siad ar son breis trédhearcachta agus dílárú na cumhachta chun a chinntiú go mbeidh guthanna áitiúla le cloisteáil. Ar deireadh, tá cuid díobh ag iarraidh go mbunófar sásraí níos dírí a chuirfeadh ar chumas na saoránach dul i bhfeidhm go fírinneach ar chinntí poiblí.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Arayik, 0 formhuiniú

'Is féidir leis an bParlaimint Fhíorúil iompú ina hardán cumhachtach ina mbeidh lánchead ag daoine a dtuairimí agus a smaointe a chur in iúl gan fhuath gan idirdhealú. Ceann de phríomhchuspóirí na Parlaiminte Fíorúla is ea timpeallacht a chruthú inar féidir le saoránaigh,

beag beann ar a bhféiniúlacht nó a dtuairimí, gach saincheist a phlé agus cinntí a dhéanamh i dteannta a chéile.'

Gülşah, 2 fhormhuiniú

'Ach rannpháirtíocht na saoránach áitiúil a chumhachtú is amhlaidh a éascófar beartais náisiúnta.'

GNÉ 4: MEAS

Cuimsítear sa ghné sin aighneachtaí a bhaineann le meas agus caoinfhulaingt ar éagsúlacht chultúrtha, eitneach agus inscne a chur chun cinn trí chláir scoile agus trí shaoránacht Eorpach.

Topaic Saoránach 4.1: Meas agus caoinfhulaingt a chur chun cinn

ANAILÍS topaice

Daoine á iarraidh go dtabharfar spreagadh breise do shaoránaigh chun meas a léiriú ar dhifríochtaí cultúir agus reiligiúin, agus ar dhifríochtaí sa bhunús eitneach agus sa ghnéaschlaonadh. Chun an ardleibhéal measa sin a bhunú, cuirtear roinnt gníomhaíochtaí san áireamh: imeachtaí a eagrú ionas gur féidir le saoránaigh ó chúlraí éagsúla bualadh le chéile agus smaointe a mhalartú, cúrsaí a chur ar bun lena gcuirfear meas chun cinn i scoileanna, cláir a chur ar bun a mbeidh rochtain ag gach aoisghúpa orthu chun meas agus caoinfhulaingt a chur chun cinn.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Alain, 1 fhormhuiniú

'Chun deireadh a chur leis an bhfuathchaint, is den riachtanas go mbeadh daoine ag cloí le luachanna comhchosúla fiú murab ionann iad. Tá sé tábhachtach, de pháirt, dá bhrí sin, go n-urramófar na luachanna sin, ar luachanna Eorpacha iad leis na céadta bliain agus, den pháirt eile, go gcuirfidh na daoine sin ar Eorpaigh iad nó ar mian leo bheith ina nEorpaigh i bhfeidhm iad.'

Isabel, 1 fhormhuiniú

'Is dóigh liomsa gur cheart dúinn cláir a bhainfeadh le meas frithpháirteach a chur ar bun ar scoil. Ní mór don scoil uirlisí a chur ar fáil do leanaí chun an fuath agus an foréigean a chomhrac. Is é an t-oideachas an bhunchloch, trína múinfear comhbhá do leanaí chun sochaí chúraim a thógáil. D'fhéadfaí clár sa treo sin a fhorbairt.'

Topaic Saoránach 4.2: Luachanna na saoránachta Eorpaí a úsáid chun an

meas a neartú.

ANAILÍS topaice

Tá na saoránaigh ag tathant ar an Eoraip saoránacht Eorpach a neartú trína luachanna a chur in iúl ar bhealach níos fearr, go háirithe trí leabhrán ina léirítear an Chairt um Chearta an Duine. Molann siad comhairle eitice neamhspleách a chruthú chun a áirithiú go mbeidh cinntí an Aontais ag teacht leis na prionsabail sin. Ba cheart don Aontas smachtbhannaí a fhorchur láithreach ar an idirdhealú agus ar an bhfuathchaint laistigh de na Ballstáit. Meastar go bhfuil sé ríthábhachtach an t-oideachas a fhorbairt maidir le luachanna Eorpacha, lena n-áirítear foghlaim teangacha agus cúrsaí ar an gcómhalartacht. Ar deireadh, meastar go bhfuil ríthábhacht le comhar agus trédhearcacht laistigh de na hinstitiúidí Eorpacha chun muinín agus meas a athbhunú.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Lisbeth, 0 formhuiniú

'Molaim cuid den teachtaireacht ón Aontas maidir leis na luachanna a chuimsítear sa Chairt Eorpach um Chearta an Duine a thabhairt suas do shaoránaigh uile an Aontais i ríomhphost simplí ina mbeadh samplaí praiticiúla, agus leabhrán deas a chur ar fáil do gach saoránach. Ansin tá an eiseamláir maidir leis na luachanna sin a urramú ar bhonn laethúil.'

Francesco, aon fhormhuiniú amháin

'Mar mhalairt ar an bhfuath sa tsochaí, sílim nach mór dúinn a bheith ag obair ar an tsaoránacht aontaitheach san Eoraip. Is féidir linn an náisiúnachas a chur go leataobh agus dul thar theorainneacha na n-imeallchríoch agus domhan nua a thógáil a bheidh bunaithe ar dhea-bhail an neamhfhoréigin agus an éisteacht ghníomhach a chruthú.'

GNÉ 5: RIALÁIL

Áirítear leis an ngné sin aighneachtaí a bhaineann le córas a chruthú chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuath agus foláireamh a thabhairt ina leith, go háirithe ar líne.

Topaic Saoránach 5.1: Rialachas agus maoirseacht dhomhanda a neartú

ANAILÍS topaice

Tá na rannpháirtithe ar aon intinn maidir le rialáil agus bainistiú na fuathchainte sa tsochaí. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí spreagadh a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann i gcoinne na fuathchainte, agus trí thacaíocht airgeadais agus dhlíthiúil a thabhairt dóibh. Is mian le saoránaigh freisin córais

deimhniúcháin a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfuathchaint ar leibhéal domhanda. Leagann siad béim ar ról na n-institiúidí Eorpacha san iarracht sin trína iarraidh go mbunófar beartais phoiblí Eorpacha agus creat dlíthiúil, chomh maith le teachtaireacht ar an topaic sin.

Molann rannpháirtithe freisin uirlisí a chruthú ar nós ardáin, tairseacha, idirghabhálaithe meán sóisialta Eorpacha, agus faireachas a dhéanamh ar an bhfuathchaint agus foláirimh a thabhairt ina leith trí algartaim.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Hanna, 1 fhormhuiniú

'Tacaíocht airgeadais agus dhlíthiúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a thugann aghaidh ar an bhfuath ar an idirlíon. Reachtaíocht iomchuí a ghlacadh.'

Marek, 1 fhormhuiniú

'I mo thuairimse, tá an tIdirlíon ag cur thar maoil le teoiricí comhcheilge nó meimeanna faoi náisiúin eile. Molaim tairseach a chruthú a léireodh na fíricí mar atá siad i ndáiríre, a bheadh oibiachtúil agus a tharraingeodh saincheisteanna deacra fiú, gan rud ar bith a fhágáil ar lár, toisc gur tríd an bhfágáil ar lár a bhunaítear teoiricí comhcheilge nua. Sílim gur cheart an tairseach AE sin a chur mar nasc gach áit ar an Idirlíon ina mbítear ag caint ar mhionlaigh náisiúnta nó ar iompar bagrach i leith grúpa ar bith.'

Topaic Saoránach 5.2: An fhuathchaint ar líne a chomhrac

ANAILÍS topaice

Dar leis na rannpháirtithe, is cosúil go bhfuil ríthábhacht le rialáil chainéil na meán sóisialta trína ndéantar an fhuathchaint a fhorleathadh. Chun na hardáin sin a rialáil, táthar ag iarraidh go mbeadh deiseanna ag úsáideoirí fuathchaint a thuairisciú ar na meáin shóisialta Eorpacha (trí chnaipe ar furasta teacht air), smachtbhannaí a fhorchur agus údair na fuathchainte ar líne a eisiamh - go háirithe tríd an anaithnideacht ar líonraí sóisialta a thoirmeasc. Cuireann na saoránaigh i dtábhacht freisin a riachtanaí atá sé breis freagrachta a leagan ar na hardáin maidir le hábhar fuatha agus gníomhaíochtaí an Aontais i gcoinne na n-ardán sin a shimpliú.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Danilo, 0 formhuiniú

'Barúlacha sáraitheacha anaithnide a cheadú ar an Idirlíon, gan deis soiléirithe a bheith ann. Go minic mar gheall ar thrasnuithe teorann.'

Pierre, 0 formhuiniú

'Bíodh úinéirí na líonraí sóisialta (Facebook, X, Instagram, etc...) freagrach as an méid a fhoilsítear ar a suíomh gréasáin agus a bheith in ann an dlí a chur orthu mura rialálann siad fuath, gríosú chun drugaí a úsáid, féinmharú, etc....'

GNÉ 6: DÍOSPÓIREACHT CHOMHCHOITEANN

Áirítear leis an ngné sin aighneachtaí a bhaineann le córas a chruthú chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuath agus foláireamh a thabhairt ina leith, go háirithe ar líne.

Topaic Saoránach 6.1: A bheith aontaithe san éagsúlacht

ANAILÍS topaice

Cuireann daoine ar Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach in iúl nach mór comhtháthú laistigh den tsochaí a chruthú trí shaoránaigh a spreagadh chun díospóireachta ar ábhair éagsúla. Chuirfeadh na malartuithe tuairimí sin ar chumas na saoránach níos mó a fhoghlaim faoin iliomad topaicí agus a bheith ar an eolas faoi sheasaimh agus cultúir éagsúla. Tríd an méid sin a dhéanamh, d'iniúchfadh an pobal i gcoitinne na féidearthachtaí maidir le difríochtaí a réiteach agus teacht ar chomhthuiscint ar bhealach daonlathach sibhialta. D'aistreodh daoine i dtreo sochaí níos aontaithe freisin. Dá spreagfaí malartuithe tuairimí den sórt sin, chuideofaí le cosc a chur ar antoiscigh a bheith ar thús cadhnaíochta.

De réir na rannpháirtithe, d'fhéadfaí na díospóireachtaí sin a reáchtáil i seimineáir ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon - i scoileanna, in ollscoileanna agus in áiteanna poiblí - nó i gcláir a chuireann tuiscint, caoinfhulaingt agus comhbhá chun cinn chun an chlaontacht agus an t-idirdhealú a chomhrac.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Sidhartha, 0 formhuiniú

'Breis idirghníomhaíochta le daoine ó chiníocha éagsúla agus de gach dath. Trí fhóram pobail nó oscailte a chruthú, b'fhéidir. Is féidir clár a dhearadh freisin chun daoine a chur ar an eolas faoi chultúir eile. Tairseach inar féidir le daoine a gcuid fadhbanna a roinnt faoin gcaoi a dtugann siad aghaidh ar shaincheisteanna.'

Marta, 2 fhormhuiniú

'Sílim go bhfuil sé tábhachtach díospóireachtaí, cruinnithe comhchéime agus ceardlanna a eagrú ina bpléitear tuairimí freasúracha ar bhealach sibhialta, chun múineadh mar ba cheart teacht ar chomhthuiscint agus dúshlán bréagshonraí a thabhairt.'

GNÉ 7: DREASACHTAÍ DEARFACHA

Léiríonn na haighneachtaí sa ghné sin sraith luamhán chun saoránaigh a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt dá chéile agus meas frithpháirteach a léiriú, go háirithe trí líonraí sóisialta, scoileanna nó obair dheonach.

Topaic Saoránach 7.1: Teachtaireachtaí dea-mhéiniúla a scaipeadh

ANAILÍS topaice

Chun an fuath sa tsochaí a chomhrac, tá saoránaigh ar aon intinn go bhfuil sé ríthábhachtach gan teachtaireachtaí naimhdeacha a scaipeadh go ginearálta. Cuirtear in iúl gur cheart dúinn teachtaireachtaí dearfacha a neartú chun an dea-mhéin agus cúnamh frithpháirteach a spreagadh, agus chun meas a chur chun cinn chomh maith le héagsúlacht na gcultúr, na gcreideamh agus na bhféiniúlachtaí.

Ba cheart na teachtaireachtaí sin a scaipeadh trí na meáin shóisialta, trí fheachtais fógraíochta, i scoileanna, agus iad a bheith á gcur chun cinn ag pearsantachtaí a bhfuil tionchar acu i gcúrsaí meán.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Helena, 13 fhormhuiniú

'Maidir leis an athrú atá uainn chun deireadh a chur le cultúr sin an fhuatha, tiocfaidh sé ar ndóigh trí reachtaíocht níos doimhne a rith maidir le teorainneacha an ábhair fuatha nó pholaraithe ar ardáin a dhéanann brabús air amhail líonraí sóisialta, fóraim phoiblí agus na meáin.'

Mary, 0 formhuiniú

'Fuath a laghdú. Bí gealgháireach le lucht aitheantais pearsanta in áiteanna poiblí, le caint chineálta'! Tabhair spreagadh do mheon idirchreidimh, d'áiteanna agus d'imeachtaí idirchultúrtha, chun dearcthaí eile a thuiscint.'

GNÉ 8: TOSCA EACNAMAÍOCHA

Sna haighneachtaí sa ghné sin ceistítear deitéarmanaint an fhuatha sa tsochaí, a d'fhéadfadh eascairt freisin as neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha ar cheart aghaidh a thabhairt orthu, dá bhrí sin, trí ghníomhaíocht pholaitiúil.

Topaic Saoránach 8.1: An bhochtaineacht agus an neamhionannas a chomhrac chun an fuath a laghdú.

ANAILÍS topaice

Cuireann na saoránaigh i bhfios go láidir go gcothaítear fuath agus eisiamh laistigh den Aontas le neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta. Iarrann siad beartais athdháilte chóra, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus ar úsáid éifeachtach Chistí Struchtúracha na hEorpa, mar aon le rochtain chomhionann ar oideachas. Meastar gur bunriachtanais iad an comhrac i gcoinne na bochtaineachta, agus tionscnaimh ar mhaithe leis an meabhairshláinte. Leagann na rannpháirtithe béim freisin ar ról na mbeartas cuimsitheach agus an cheartais shóisialta chun deighiltí idir grúpaí sóisialta agus geografacha a chosc. Ar deireadh, éilíonn siad smachtbhannaí i gcoinne mí-úsáid eacnamaíoch agus breis tacaíochta do réigiúin faoi mhíbhuntáiste.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Nick, 1 fhormhuiniú

'Ba CHEART dúinn an t-airgead sin a chaitheamh ar limistéir ísealioncaim chun iad a mhaoiniú agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Is forais idirdhealaitheacha is cúis le limistéir ísealioncaim, rud a chuireann leis an droch-cháil atá orthu agus tríd an méid sin a réiteach, beidh an seans céanna ag gach duine.'

Sven-Owe, 0 formhuiniú

'Ní mór beartais an Aontais a bhunú ar an toimhde go roinnfear an rathúnas, ar toradh an chuimsithe é, ar shaoránaigh uile an Aontais, de mheon na dlúthpháirtíochta. Mura n-éireoidh leis an uaillmhian sin, cruthófar 'De och Vi läge' (iadsan agus muidne) agus an fuath á chothú go láidir. D'fhéadfadh difríochtaí idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a bheith i gceist leis, ach d'fhéadfadh difríochtaí idir grúpaí socheacnamaíocha éagsúla a bheith i gceist leis freisin.'

1. CONCLÚIDÍ

Ba chéim shuntasach chun cinn é Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac chun éascaíocht a dhéanamh ar rannpháirtíocht ilteangach ar líne na saoránach ar an leibhéal Eorpach. Mar a luaitear sa tuarascáil seo, chuidigh sé go mór le soiléiriú a dhéanamh ar an bhfís chomhchoiteann maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac ar fud an Aontais le linn na tréimhse comhairliúcháin, a bhí ar siúl **ón 22 Aibreán 2024 go dtí an 28 Feabhra 2025**. Chuir comhtháthú na n-aighneachtaí ar líne le pléití an phainéil saoránach leis an idirphlé, rud a d'áirithigh gur cuireadh raon leathan peirspictíochtaí san áireamh agus na torthaí deiridh á múnlú.

Léirigh an próiseas rannpháirtíochta ailíniú láidir i measc na rannpháirtithe maidir le roinnt croíghnéithe, lena n-áirítear **FEASACHT** a mhúscailt trí oideachas a chur ar ghlúnta nua maidir leis an bhfuathchaint a aithint agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn. Leis an ngá atá le **CUIMSIÚ** breise, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé mionlaigh a chomhtháthú, an t-idirdhealú a chomhrac, agus **gníomhaíocht chomhchoiteann a spreagadh** trí mhalartú cultúrtha agus spóirt. Sa ghné INSTITIÚIDÍ DAONLATHACHA leagtar béim ar an ngá atá le **rannpháirtíocht na saoránach**, le breis trédhearcachta, agus leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus na bréagaisnéise. Sna haighneachtaí lena gcuirtear in iúl go bhfuil gá le níos mó **MEASA** moltar an **tuiscint fhrithpháirteach a chur chun cinn** trí thionscnaimh chultúrtha agus oideachais. Díríonn daoine a éilíonn **RIALÁIL** bhreise ar an bhfuathchaint a chomhrac trí **chreataí dlí** níos láidre agus trí **chuntasacht** ardáin ar líne. Is iad na gnéithe eile a bhraitear: **DÍOSPÓIREACHT CHOMHCHOITEANN**, **DREASACHTAÍ DEARFACHA**, agus **TOSCA EACNAMAÍOCHA**.

Go hachomair, tá na saoránaigh ar son bearta réamhghníomhacha chun an fuath a chomhrac, ina ndírítear ar **oideachas**, ar **rialáil** agus **meas frithpháirteach a chur chun cinn**. Iarrann siad go mbeadh sochaí níos cuimsithí ann ina mbeadh deiseanna cothroma agus **trédhearcacht** bhreise ag baint leis na **próisis dhaonlathacha**. Áirítear ar na réitigh rannpháirtíocht na saoránach trí ghníomhaíochtaí comhchoiteanna, idirphlé, agus **institiúidí Eorpacha** a úsáid **chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais**, fuathchaint agus **bréagaisnéis**, ar mhaithe le sochaí níos comhtháite agus níos trédhearcaí a chothú. Ní hamháin gur léiríodh réimse leathan smaointe agus moltaí ó shaoránaigh Eorpacha sa chomhairliúchán seo ach **treisíodh freisin an gá atá le cur chuige aontaithe atá dírithe ar ghníomhaíocht maidir le fuath sa tsochaí a chomhrac**.

Is fiú a thabhairt ar aird nár cheart breathnú ar na torthaí thuasluaite mar thorthaí atá go hiomlán ionadaíoch. Mar sin féin, is smaointe fiúntacha nua iad agus tugann siad tuiscint leathan ar thosaíochtaí na saoránach. De réir mar a théann an Eoraip chun cinn leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac, d'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag na léargais sin maidir le beartais tionchair a dhearadh a nglactar go forleathan leo sa phobal.